# Gné 2: Prionsabail, amhail Cearta an Linbh agus Íomhá Linbh an Chleachtóra

## Gníomhaíochtaí ar Phrionsabail a bhaineann le leanaí agus a saol sa luath-óige: Gníomhaíochtaí A-E

| Prionsabail a bhaineann le leanaí agus a saol sa luath-óige | |
|---|---|
| Ré shuntasach faoi leith is ea an luath-óige i saol an duine nach mór meas agus ómós a thabhairt di agus í a chothú. Tá a s(h)raith eispéireas féin agus scéal uathúil beatha ag gach aon leanbh, agus tá gach leanbh muiníneach agus inniúil. Tá sé ríthábhachtach féiniúlacht, láidreachtaí, cearta agus riachtanais gach linbh a aithint, agus cuireann siad le heispéireas luath-óige ar ardchaighdeán ina ndéantar tuiscint ar an gcomhionannas, ar chearta agus ar fhreagrachtaí a chur chun cinn. | • Comhionannas (A agus S)<br>• Éagsúlacht (A agus S)<br>• Uathúlacht an linbh (A) agus Tús Áite do Leanaí (S)<br>• Leanaí mar shaoránaigh (A) agus Luach na Luath-Óige (S) |

I measc na bprionsabal seo tá cearta an linbh agus íomhá linbh an chleachtóra. Is é bun agus barr gach curaclaim an chaoi a ndéantar plé leis na leanaí ann. Múnlaíonn sé seo an chaoi a ndéanann tú pleanáil le haghaidh deiseanna foghlama, a dtacaíonn tú le foghlaim agus le forbairt na leanaí, a n-éisteann tú leo agus a ndéanann tú páirteach iad (nó gan a bheith páirteach), agus an chaoi a dtagann an curaclam chun boinn laistigh de do shuíomh.

### Gníomhaíocht A: Cur síos a dhéanamh ar do dhearcadh ar leanaí

Déan cur síos ar do dhearcadh ar leanaí sa bhosca. Scríobh síos gach a rithfidh leat. Tá roinnt focal samplach ann cheana féin agus is féidir leat focail de do chuid féin a chur leis chomh maith. Is úsáidí an ghníomhaíocht seo má dhéanann tú féin í ar dtús sula dtosóidh tú ag obair as láimh a chéile le comhghleacaí nó le meantóir.

## Focail a d'fhéadfá a úsáid le cur síos a dhéanamh ar leanaí

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ábalta | Cruthaitheach | Neamhspleách | Sásta dul sa seans |
| Gníomhach | Éilitheach | Ar bheagán taithí | Millte |
| Uaillmhianach | Ag forbairt | Éirimiúil | Ar nós spúinse sa chaoi a súnn siad eolas isteach |
| Leadránach | Díocasach | Ceanúil | Láidir |
| Cumasach | Leochaileach | Spleách | Trioblóideach |
| Dúshlánach | Spraíúil | Torannach | Leithleach |
| Inniúil | Greannmhar | Neamhábalta | Lag |
| Muiníneach | Cineálta | Dícheallach | |
| Fiosrach | Cabhrach | Ina bhfadhb-réiteoirí | |
| Gleoite | Éidreorach | Somheanmnach | |

**Cum ráiteas gairid faoin dearcadh/íomhá atá agat ar leanaí le roinnt de na focail thuasluaite agus/nó le focail de do chuid féin.**

**Tá leanaí**